# Seicliosta Don Tuairisc Achoimre

Déan cinnte gur féidir leat tic a chur le gach ráiteas sula dtugann tú suas an Tuairisc Achoimre lena cheartú. Mura féidir tic a chur le ráiteas ar bith, déan na hathruithe riachtanacha.

- [ ] An bhfuil an Tuairisc Achoimre cruthaithe le próiseálaí focal?
- [ ] Ar sheiceáil tú líon na bhfocal – an bhfuil sé idir 300 agus 600 focal?
- [ ] An bhfuil an leagan amach agus an cur i láthair seiceáilte agat?
- [ ] An bhfuil aon earráidí litrithe/gramadaí ceartaithe agat?
- [ ] An raibh tú comhsheasmhach maidir le húsáid ceannlitreacha, béim, poncaíocht, cló, cló trom, iodálach agus eangú?
- [ ] An bhfuil teideal ar do Thuairisc Achoimre a chuireann in iúl don léitheoir cad atá i gceist leis an tuairisc?
- [ ] Ar luaigh tú d'ainm mar údar na tuarisce?
- [ ] Ar leag tú amach trí théarma tagartha/aidhm don ghníomhaíocht a bhfuil tú ag tuairisciú uirthi?
- [ ] Ar chuir tú aidhm phearsanta chomh maith le haidhmeanna grúpa san áireamh?
- [ ] Ar bhain tú úsáid as abairtí iomlána?
- [ ] Ar bhain tú úsáid as abairtí soiléire gearra dea-struchtúrtha i gcorp na tuairisce?
- [ ] An ndéanann ábhar na tuairisce tagairt do na téarmaí tagartha/aidhmeanna atá leagtha amach agat thuas?
- [ ] Ar bhain tú úsáid as ceannteidil agus fo-cheannteidil nuair is cuí?
- [ ] An ndéanann do thuairisc ciall don léitheoir? (cuimhnigh nach mbeidh eolas ar bith ag an léitheoir faoin ngníomhaíocht a bhfuil tú ag tuairisciú air mar sin tá do chur síos tábhachtach)
- [ ] An bhfuil tú loighciúil i do ráitis?
- [ ] An ndearna tú tagairt do do rannpháirtíocht féin sa ghníomhaíocht?
- [ ] Ar thug tú trí chonclúid a bhain tú as an ngníomhaíocht?
- [ ] Ar bhain do chonclúidí leis na haidhmeanna a leag tú amach ag an tús?
- [ ] Mar thoradh ar na conclúidí ar tháinig tú orthu, an ndearna tú ar a laghad dhá mholadh?

Déan do Thuairisc Achoimre a phrofáil arís sula gcuimsítear i do phunann é. Déan aon cheartúcháin cuí. Ná déan dearmad do Thuairisc Achoimre is fearr a chur isteach le haghaidh measúnaithe.